CEACHT 31

ALTÓIR NA bPÁISTÍ



Pictiúr: Radharc:

Seán, Máire agus Micheál ag cruinniú bláthanna sa pháirc, an scoil, an múinteoir, Mí Bealtaine (ón bhféilire); comhartha ceiste, bláthanna i lámha Mháire, Lá Bealtaine, altóir le cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte. Dealbh den Mhaighdean Mhuire ina láimh ag Seán, ansin an dealbh ar an altóir, lampa beag ar lasadh, bláthanna le feiceáil timpeall ar an dealbh den Mhaighdean Mhuire.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

*Mí Bealtaine a bhí ann. Chruinnigh na páistí bláthanna agus thug siad ar scoil iad.

*Is féidir bunábhar an cheachta seo a chur in oiriúint d'fhéilte eile ar nós fhéile an fhómhair, etc.

Agallamh

MÁIRE: Féach na bláthanna deasa atá agamsa!
MÚINTEOIR: Ó! Nach deas iad? Cá bhfuair tú iad?
MÁIRE: Fuair mé faoin tuath inné iad.
MÚINTEOIR: Inniu Lá Bealtaine. Déanfaimid altóir bheag.

Cuntas Reatha

Chuir Seán dealbh den Mhaighdean Mhuire ar an altóir. Las Micheál lampa os a comhair. Chuir siad na bláthanna ar gach taobh di.

Agallamh

MÚINTEOIR: Is deas an altóir í, a pháistí. Tá sibh go hiontach.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Mí na Nollag a bhí ann, is dócha?
Céard a rinne na páistí?
Agus ansin?

Taispeáin na bláthanna, a "Mháire".
Cad a deir tú fúthu, a "mhúinteoir"?
Cuir ceist uirthi faoi na bláthanna.
Inis di, a "Mháire".
Cén lá atá ann inniu, a "mhúinteoir"?
Céard a dhéanfaidh sibh?

Céard a rinne Seán? Agus Micheál?
Cár chuir siad na bláthanna?

Cad a deir tú faoin altóir anois, a "mhúinteoir"?
Agus cad a deir tú leis na páistí?